AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2026
COM(2026) 367 final

2026/0194 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Bhreise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is é is aidhm don togra seo údarú a fháil ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ('an Chomhairle') don Choimisiún Eorpach ('an Coimisiún') chun an Prótacal breise ('an Prótacal') a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta (CETS Uimh. 198) ('Coinbhinsiún Vársá' nó 'an Coinbhinsiún') a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin togra a thíolacadh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún an Prótacal a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh mar aon le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Coinbhinsiún Vársá a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh ar dháta níos déanaí.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an bPrótacal mar gheall ar an mbagairt a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta - agus ar bhonn níos ginearálta, le coireacht airgeadais - don tslándáil eacnamaíoch laistigh den Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin. Is féidir a thabhairt faoi deara gur minic a úsáidtear ioncam a fhaightear trí ghníomhaíochtaí aindleathacha chun an geilleagar dleathach a insíothlú nó go n-úsáidtear é le haghaidh gníomhaíochtaí coiriúla eile. Tá iarmhairtí forleathana díchobhsaitheacha aige sin do chórais airgeadais, don tsochaí, don smacht reachta agus don mhuinín as údaráis phoiblí. Gné mhór den sciúradh airgid agus de mhaoiniú na sceimhlitheoireachta is ea go gcuirtear i bhfeidhm go hidirnáisiúnta é. Dá bhrí sin, tá comhar idirnáisiúnta éifeachtach chun an choireacht airgeadais a chomhrac fíor-riachtanach.

Tá an Prótacal iomlán comhoiriúnach le dlí an Aontais i gcoitinne, agus le *acquis* ábhartha an Aontais go háirithe. Áirítear leis sin Treoir (AE) 2024/1640[1] maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (AMLD6). Mar sin féin, beidh feidhm ag Treoir (AE) 2015/849[2], arna leasú le Treoir (AE) 2018/843[3] go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 10 Iúil 2027.

Tá forálacha sa Phrótacal freisin maidir le haisghabháil sócmhainní agus comhar breithiúnach i réimse na haisghabhála sócmhainní agus, dá réir sin, tá sé iomlán comhoiriúnach le *acquis* ábhartha an Aontais freisin.

Leis an bPrótacal - agus lena chur i bhfeidhm - neartófar creataí chun an sciúradh airgid a chomhrac ar fud an domhain (trína rachfar i ngleic le hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus le hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní araon) i measc comhaltaí eile de Chomhairle na hEorpa agus príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta a fhéadfaidh teacht chun bheith ina bPáirtithe sa Phrótacal.

Cúlra

Le Coinbhinsiún Vársá a glacadh an 16 Bealtaine 2005, cumhdaítear gnéithe iomadúla a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac. Cuireann sé leis an gCoinbhinsiún maidir le Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú a dhéanamh ar na Fáltais ó Choireacht (CETS Uimh. 141) ('Coinbhinsiún Strasbourg'). Shínigh

[1] IO L, 2024/1640, 19.6.2024.
[2] IO L 141, 5.5.2015, lgh. 73-117.
[3] IO L 156, 19.6.2018, lgh. 43-74.

an tAontas Eorpach Coinbhinsiún Vársá an 2 Aibreán 2009 ach níl sé daingnithe aige go fóill. Tá an Coinbhinsiún sínithe ag 25 Bhallstát ón 18 Nollaig 2023, agus dhaingnigh 23 díobh é.

Ó glacadh Coinbhinsiún Vársá in 2005, tá tírdhreach an sciúrtha airgid, agus ar bhonn níos leithne tírdhreach na coireachta airgeadais, ag athrú go tapa. Bhí sé sin ina spreagadh chun creataí dlíthiúla agus caighdeáin idirnáisiúnta a fhorbairt tuilleadh freisin. Cuireadh i dtábhacht i staidéir agus i gcomhairliúcháin, go háirithe ag an gCoiste Saineolaithe um Oibriú Coinbhinsiún Eorpach maidir le Comhar in Ábhair Choiriúla (PC-OC) agus ag Comhdháil Páirtithe an Choinbhinsiúin, an gá atá le hionstraim cheangailteach nua.

I gcomhthráth leis sin, le forbairtí ar leibhéal an Aontais, go háirithe reachtaíocht nua maidir leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus maidir le haisghabháil sócmhainní freisin, treisíodh an gá atá le haghaidh a thabhairt ar na hábhair sin i gcomhthéacs uile-Eorpach níos leithne. Mar thoradh air sin, bhunaigh Comhairle na hEorpa an Coiste Saineolaithe um Aisghabháil Sócmhainní Coiriúla (PC-RAC) in 2023 chun Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a chaibidliú agus a dhréachtú.

An 13 Meitheamh 2024, d'údaraigh an Chomhairle an Choimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht maidir leis an bPrótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Vársá. Bhí an Coimisiún rannpháirteach i gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle agus bhí sé faoi threoir na dtreoracha caibidlíochta a leagtar amach ann. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le coiste speisialta na Comhairle don chaibidlíocht maidir leis an seasamh le glacadh agus d'áirithigh sé comhoiriúnacht an Phrótacail le *acquis* an Aontais.

Tionóladh na seisiúin chaibidlíochta i gcruinnithe tiomnaithe PC-RAC. Bhí seacht seisiún caibidlíochta ann idir mí na Bealtaine 2024 agus mí na Nollag 2025. An 25 Samhain 2025, d'fhormheas an Coiste um Fhadhbanna Coireachta (CDPC) an dréacht-Phrótacal agus an dréacht-tuarascáil mhíniúcháin a ghabhann leis, ar ghá athruithe deireanacha a dhéanamh ina leith. An 23 Aibreán 2026, ghlac Comhthionóil Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa an tuairim uaidh maidir leis an dréacht-Phrótacal. An 15 Bealtaine 2026 ag an 135ú cruinniú a bhí aige, ghlac an Coiste Airí an Prótacal, thug sé dá aire an tuarascáil mhíniúcháin a bhí ag gabháil leis agus chomhaontaigh sé an Prótacal a oscailt lena shíniú an 14 Deireadh Fómhair 2026.

Tiocfaidh an Prótacal sin i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a léireoidh cúig shínitheoir, ar Ballstáit de Chomhairle na hEorpa trí cinn ar a laghad díobh, go dtoilíonn siad a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal, de bhun Airteagal 38(1) de.

Is féidir leis an Aontas an Prótacal a shíniú mar shínitheoir le Coinbhinsiún Vársá, de bhun Airteagal 37 den Phrótacal.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Baineann an Prótacal go díreach le rialacha comhchoiteanna an Aontais maidir leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, chomh maith le haisghabháil sócmhainní agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla. Tá forálacha sa Phrótacal maidir le hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais, maidir lena n-inniúlachtaí i ndáil le toiliú le haghaidh idirbheart, cuntas agus gaolmhaireachtaí gnó a chur ar fionraí agus a choinneáil siar, maidir lena gcomhar le chéile, agus maidir le Sásra Uathoibrithe Láraithe a bhunú ar an leibhéal náisiúnta (nó sásra comhchosúil ina bhfuil faisnéis maidir le cuntais bhainc, cuntais íocaíochta, cuntais urrús, taisceadáin agus cuntais sócmhainní fíorúla). Tá na rialacha maidir leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac i gcomhréir le pacáiste CSA an Aontais agus comhoiriúnach leis, agus go sonrach le

Treoir (AE) 2024/1640, i dtaobh cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta.

Ar an taobh eile, tá na rialacha maidir le coigistiú, lena n-áirítear rialacha maidir le coigistiú leathnaithe agus coigistiú nach bhfuil bunaithe ar chiontú, comhoiriúnach freisin le *acquis* an Aontais, mar atá Treoir 2014/42/AE[4] agus Treoir (AE) 2024/1260[5]. Chomh maith leis sin, na rialacha maidir le hoifigí um aisghabháil sócmhainní a bhunú, rochtain na n-oifigí ar fhaisnéis chomh maith le hainmniú oifigí bainistíochta sócmhainní agus bainistíocht sócmhainní, lena n-áirítear pleanáil bainistíochta sócmhainní agus díolacháin réamhchoigistithe, tá siad i gcomhréir le Treoir (AE) 2024/1260. Tá rialacha sa Phrótacal freisin maidir le hathúsáid shóisialta sócmhainní, uirlis chun faisnéis maidir le sócmhainní a sholáthar d'oifigí um aisghabháil sócmhainní, d'oifigí bainistíochta sócmhainní agus d'údaráis eile, agus maidir le hacmhainní le haghaidh oiliúint d'údaráis inniúla i ndáil le haisghabháil sócmhainní atá i gcomhréir le Treoir (AE) 2024/1260.

Cuireadh Treoir (AE) 2024/1260 in ionad Threoir 2014/42/AE, atá fós i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le comhar le hÉirinn, nach bhfuil rannpháirteach i dTreoir (AE) 2024/1260. Tháinig Treoir 2014/42/AE in ionad Chinneadh Réime 2005/212/CGB ón gComhairle[6] go páirteach, ar cinneadh é atá fós i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le comhar leis an Danmhairg, nach bhfuil rannpháirteach i dTreoir (AE) 2024/1260 ná i dTreoir 2014/42/AE.

Le Rialachán (AE) 2018/1805[7], leagtar amach rialacha maidir le comhar breithiúnach idir na Ballstáit chun orduithe reo agus coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú. Áirítear air sin, *inter alia*, rialacha maidir le tarchur, aithint agus nós imeachta chun orduithe reo agus coigistíochta a fhorghníomhú, maoin reoite agus coigistíochta a bhainistiú agus a dhiúscairt (lena n-áirítear díolacháin idirbhreitheacha), aiseag maoine le híospartaigh mar aon le diúscairt maoine coigistíochta nó airgead a fuarthas tar éis maoin a dhíol (lena n-áirítear d'fhonn cúiteamh a thabhairt d'íospartaigh agus chun comhroinnt sócmhainní idir na Ballstáit a rialáil). Thairis sin, tá rialacha sa Rialachán maidir le costais a iompar agus a chomhroinnt a bhaineann le horduithe reo trasteorann a chur i gcrích agus maidir le cearta nós imeachta na ndaoine dá ndéantar difear, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí fógra agus leigheas dlí. Déantar rialáil ghinearálta ar na hábhair sin freisin i gCinneadh Réime 2006/783/CGB ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2006 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar orduithe coigistíochta[8] agus i gCinneadh Réime 2003/577/CGB ón gComhairle an 22 Iúil 2003 maidir le horduithe a fhorghníomhú san Aontas Eorpach lena ndéantar maoin nó fianaise a reo[9] , atá fós i bhfeidhm maidir le comhar le hÉirinn agus leis an Danmhairg, nach bhfuil rannpháirteach i Rialachán (AE) 2018/1805.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Prótacal comhsheasmhach le rialacha agus beartais ábhartha an Aontais sna réimsí a chumhdófar leis (mar a thuairiscítear faoin Roinn 'Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana'). Sa chomhthéacs níos leithne, tá an Prótacal comhsheasmhach le hionstraimí agus beartais dlí an Aontais arna nglacadh i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, faoi Theideal V de Chuid a Trí CFAE, a rannchuidíonn le comhrac an Aontais i gcoinne na coireachta airgeadais, lena n-áirítear coireanna a dhéanann difear do leasanna

4 IO L 127, 29.4.2014, lgh. 39–50.
5 IO L, 2024/1260, 2.5.2024.
6 IO L 68, 15.3.2005, lgh. 49–51.
7 IO L 303, 28.11.2018, lgh. 1–38.
8 IO L 328, 24.11.2006, lgh. 59–78.
9 IO L 196, 2.8.2003, lgh. 45–55.

airgeadais an Aontais, agus i gcoinne sreabha aindleathacha airgeadais, agus a rannchuidíonn le gealltanais an Aontais faoi chomhaontuithe iltaobhacha ábhartha eile.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

*Bunús dlí substainteach*

Na codanna den Phrótacal a bhaineann le bearta chun an sciúradh airgid a chomhrac, lena n-áirítear cumhachtaí fionraíochta na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais agus bunú sásra chun faisnéis cuntas bainc a fháil, tagann siad faoi Airteagal 114 CFAE. Tá na comhchodanna sin mar bhonn leis an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, atá éagsúil leis na comhchodanna den Phrótacal lena ndírítear ar iarrachtaí aisghabhála sócmhainní (lena n-áirítear feabhas a chur ar rialacha náisiúnta maidir le reo agus coigistiú, rianú sócmhainní agus bainistíocht sócmhainní, coimircí chomh maith le comhar idirnáisiúnta idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha), a bhaileofar faoi thogra ar leithligh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle. Is iad Airteagail 82(2), 83(1) agus (2) agus 87(2) CFAE bunúis dlí shubstainteacha an dara ceann sin.

I bhfianaise ábhar an chomhaontaithe atá beartaithe, is iomchuí don Choimisiún dhá thogra a chur faoi bhráid na Comhairle.

*Bunús dlí don nós imeachta*

Déantar foráil le hAirteagal 218(5) CFAE, i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, cuirfidh an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údaraítear síniú an chomhaontaithe.

Molann an Coimisiún go ndéanfaí síniú an Phrótacail a údarú, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is faide anonn.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(5) CFAE, **an bunús dlí nós imeachta** atá leis an gcinneadh atá beartaithe chun síniú an chomhaontaithe atá beartaithe a údarú.

*Inniúlacht an Aontais*

Tá cineál comhaontuithe idirnáisiúnta (‘de chuid an Aontais amháin’ nó ‘measctha’) ag brath ar chomhoiriúnacht an ábhair shonraigh le hinniúlachtaí an Aontais.

Foráiltear le hAirteagal 3(2) CFAE go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas ‘comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích (...) a mhéid ar dóigh dá thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú.’ Go háirithe, shoiléirigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ‘má tá baol den sórt sin ann [go ndéanfadh gealltanais idirnáisiúnta difear do rialacha an Aontais nó go n-athróidís iad], ní thugtar le tuiscint go bhfuil na réimsí a chumhdaítear leis na gealltanais idirnáisiúnta agus na réimsí a chumhdaítear le rialacha an Aontais ag teacht le chéile go hiomlán’ ach ‘go bhféadfadh na gealltanais sin difear a dhéanamh do raon feidhme rialacha comhchoiteanna an Aontais nó go n-athródh siad iad freisin i gcás ina dtagann na gealltanais sin faoi réim réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha den sórt sin cheana féin’.([1]) Tá an réasúnaíocht sin bunaithe ar thuairim ón gCúirt ina luaitear an méid seo a leanas: ‘(...) i gcás ina bhfuil tástáil ar réimse a chumhdaítear cheana féin den chuid is mó le rialacha an Chomhphobail le cur i bhfeidhm, ní hamháin nach mór an measúnú a bheith bunaithe ar raon feidhme na rialacha atá i gceist ach ar a gcineál agus ar a n-ábhar freisin. Is gá freisin staid reatha dhlí an Chomhphobail sa réimse atá i gceist a chur san áireamh, agus ní hamháin sin ach a fhorbairt amach anseo a chur san áireamh

chomh maith, a mhéid atá sé sin intuartha tráth na hanailíse sin' (féach, chuige sin, Tuairim 2/91, míreanna 25 agus 26).[2]

Cé go bhfuil na Ballstáit fós inniúil maidir le codanna áirithe den Phrótacal Breise, agus go háirithe maidir le forálacha i ndáil le bearta náisiúnta chun sásraí uathoibrithe láraithe a bhunú agus maidir le cumhachtaí fionraíochta na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais, tá inniúlacht ag an Aontas maidir le cuid mhór d'fhorálacha an Choinbhinsiúin agus, dá bhrí sin, ba cheart dó an Coinbhinsiún a shíniú in éineacht leis na Ballstáit.

Leis na Conarthaí, agus go háirithe le hAirteagail 26 agus 114 CFAE, tugtar inniúlacht don Aontas i réimse an Mhargaidh Inmheánaigh, lena gcumhdaítear go páirteach na hábhair a rialaítear leis an bPrótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 198.

Tá **bearta reachtacha glactha cheana féin** ag an Aontas sna réimsí éagsúla a chumhdaítear leis an bPrótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 198:

Forálacha a thagann faoi bhunús dlí Airteagal 114 CFAE:

- Tagann Airteagail 2 (maidir leis na sainmhínithe ar shócmhainní fíorúla agus ar sholáthraithe seirbhísí sócmhainní fíorúla), Airteagail 9 (ceanglas chun sásraí a bhunú chun faisnéis cuntas bainc a aisghabháil) agus Airteagail 10 agus 28 (toiliú a chur ar fionraí nó a choinneáil siar i gcás idirbhearta, cuntais agus gaolmhaireachtaí ghnó amhrasacha agus comhar nasctha AFA le AFA) faoi raon feidhme Threoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na sásraí atá le cur ar bun ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (AMLD6), agus Rialachán (AE) 2023/1114 maidir le margaí i gcripteashócmhainní.

Forálacha a thagann faoi bhunúis dlí Airteagail 82(1) agus (2), 83(1) agus (2) agus 87(2) CFAE:

- Cumhdaítear Airteagal 2(2) (sainmhíniú ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta) le Treoir (AE) 2017/541 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac[10];
- Airteagail 3 go 5 den Phrótacal (coigistiú leathnaithe, coigistiú nach bhfuil bunaithe ar chiontú agus coigistiú tríú páirtí, Airteagal 6 (bearta sealadacha), Airteagal 8 (imscrúduithe airgeadais), Airteagail 11 agus 12 (oifigí um aisghabháil sócmhainní a bhunú agus rochtain na n-oifigí ar fhaisnéis), Airteagail 13 go 15 (bainistíocht sócmhainní, oifigí bainistíochta sócmhainní a bhunú, díolacháin réamhchoigistithe), Airteagal 16 (úsáid maoine reoite agus coigistithe), Airteagal 17 (rochtain ar fhaisnéis maidir le maoin reoite agus choigistithe) chomh maith le hAirteagal 29 (comhar idirnáisiúnta idir oifigí um aisghabháil sócmhainní), Airteagail 33 agus 34 (bearta slándála, acmhainní agus oiliúint), cumhdaítear iad le Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní[11] .
- Cumhdaítear Airteagal 9(2) (Rochtain ar fhaisnéis cuntas bainc ag údaráis forfheidhmithe dlí, lena n-áirítear oifigí um aisghabháil sócmhainní) le Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha

10 IO L 88, 31.3.2017, lgh. 6–21.
11 IO L, 2024/1260, 2.5.2024.

lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh[12];

- Tagann Airteagal 18 (prionsabail ghinearálta maidir le comhar), Airteagal 24 agus Airteagal 25 (foirmeacha caighdeánacha), Airteagal 26 (maoin a thabhairt ar ais) agus Airteagal 27 (maoin a chomhroinnt) faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe reo agus d'orduithe coigistíochta[13];
- Tá nasc idir Airteagal 19 a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta agus *acquis* cosanta sonraí an Aontais Eorpaigh, go háirithe Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[14].
- Airteagail 20, 21 agus 22 maidir le hiarrataí ar fhaisnéis a bhaineann le cuntais le hinstitiúidí airgeadais agus le soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla agus le hidirbhearta arna ndéanamh acu chomh maith leis an bhfaireachán orthu, tagann siad faoi raon feidhme Threoir (AE) 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla[15];
- Déantar foráil in Airteagal 23 maidir le bunús dlí chun Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (JITanna) a chur ar bun chun maoin atá inchoigistithe a aisghabháil. Faoi dhlí an Aontais, bunaítear bunúis dlí chun Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a bhunú sa Choinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla a glacadh i mí na Bealtaine 2000 agus i gCinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú
- Maidir le hAirteagail 31 agus 32 (coimircí, leigheasanna agus oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt), a mhéid a bhaineann le bearta comhair bhreithiúnaigh chun sócmhainní a reo agus a choigistiú dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún agus sa Phrótacal a ghabhann leis, tagann siad faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/1805 thuasluaite. A mhéid a bhaineann le bearta comhair bhreithiúnaigh chun críche fianaise a bhailiú, tagann Airteagail 31 agus 32 faoi raon feidhme Threoir 2014/41/AE. A mhéid a bhaineann le bearta comhair idir oifigí um aisghabháil sócmhainní, tagann Airteagail 31 agus 32 faoi raon feidhme Threoir (AE) 2024/1260. A mhéid a bhaineann le bearta náisiúnta, tagann Airteagail 31 agus 32 faoi raon feidhme Threoir (AE) 2024/1260 thuasluaite. Den chuid is mó, cumhdaítear na cearta agus na coimircí a chumhdaítear in Airteagail 31 agus 32 ar bhonn níos ginearálta le treoracha an Aontais maidir le cearta nós imeachta do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla, go háirithe Treoir 2010/64/AE maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus aistriúcháin, Treoir 2012/13/AE maidir leis an gceart chun faisnéise, Treoir 2013/48 maidir leis an gceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir, Treoir (AE) 2016/343 maidir le toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun bheith i láthair ag triail agus Treoir (AE) 2016/1919 maidir le cúnamh dlíthiúil.

---

12 IO L 186, 11.7.2019, lgh. 122–137.
13 IO L 303, 28.11.2018, lgh. 1–38.
14 IO L 119, 4.5.2016, lgh. 89–131.
15 IO L 130, 1.5.2014, lgh. 1-36.

**Dá bhrí sin, cumhdaítear le dlí an Aontais formhór na n-oibleagáidí a eascraíonn as an bPrótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa, Uimh. 198.**

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach.

- **Comhréireacht**

Ní théann an tionscnamh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais atá i gceist a bhaint amach agus, dá bhrí sin, tá sé i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) CAE. Is é an tAontas is fearr atá in ann gníomhú toisc gur fheidhmigh sé inniúlacht inmheánach sa réimse sin cheana féin trí ionstraimí dlí éagsúla a ghlacadh i réimse an chomhair bhreithiúnaigh agus an chomhair i bhforfheidhmiú an dlí in ábhair choiriúla, go háirithe chun aisghabháil sócmhainní coiriúla a éascú, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann.

- **An rogha ionstraime**

Tíolactar an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(5) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearna an Coimisiún Eorpach comhairliúchán sonrach le páirtithe leasmhara maidir leis an togra seo.

Iarracht chomhoibríoch ó Choiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa um Aisghabháil Sócmhainní Coiriúla a bhí i mionsaothrú an Choinbhinsiúin, ina raibh Ballstáit Chomhairle na hEorpa rannpháirteach, chomh maith le stáit bhreathnóireachta, an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais, UNODC agus saineolaithe dlí.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ullmhaíodh seasaimh chaibidlíochta an Aontais don Choinbhinsiún i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla (COPEN).

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Le síniú an Phrótacail ag an Aontas Eorpach, leagtar síos íoschaighdeáin choiteanna chun cearta bunúsacha a chosaint i ndáil leis na bearta dá bhforáiltear sa Phrótacal.

Tá ábharthacht ar leith ag baint le cearta agus saoirsí bunúsacha áirithe a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Cuimsítear leis sin an ceart chun maoine (Airteagal 17), an ceart chun trialach córa agus leighis éifeachtaigh (Airteagal 47), toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosanta (Airteagal 48) chomh maith leis an gceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8).

Maidir le cur isteach ar an gceart chun maoine, le hAirteagal 31, mír 1, daingnítear an Prótacal i bprionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, ar prionsabail iad atá bunriachtanach chun dlíthiúlacht cur isteach ar chearta bunúsacha a áirithiú. Ina theannta sin, bunaítear le míreanna 3 agus 4 coimircí tábhachtacha chun a áirithiú nach dtarlóidh aon chur isteach doleasaithe ar an gceart chun maoine gan deis a bheith ag an duine dá ndéantar difear éisteacht a fháil. Thairis sin, tugadh isteach go díreach sna forálacha ábhartha teorainneacha ar úsáid beart coigistíochta, go háirithe coigistiú leathnaithe agus coigistiú nach bhfuil bunaithe ar chiontú, agus ar úsáid beart sealadach nua a thugtar isteach leis an bPrótacal seo (féach i.a. roghanna forchoimeádais dá bhforáiltear in Airteagail 3, 4 agus 5), lena bhforáiltear do bhearta den sórt sin chun comhlíonadh phrionsabail an riachtanais agus na comhréireachta a áirithiú. Mar a mhínítear sa Tuarascáil Mhíniúcháin a ghabhann leis an gCoinbhinsiún[16], féadfar aithint iarrata a dhiúltú i gcás nach bhféadfadh an beart nó na bearta a bheith ordaithe nó déanta ag na húdaráis náisiúnta inniúla sa Pháirtí iarrtha, go ginearálta nó i gcás comhchosúil, toisc go mbeadh an beart nó na bearta sin contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí náisiúnta an Pháirtí sin. Féadfar a áireamh ar bhunphrionsabail an dlí intíre, mar shampla, caighdeáin maidir le triail chóir, toimhde na neamhchiontachta, chomh maith le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta. Is féidir leis na Páirtithe an teorainn a leagtar síos leis na prionsabail sin a chur in iúl, *inter alia*, de bhua úsáid a bhaint as na roghanna forchoimeádais dá bhforáiltear in Airteagail 3, 4 agus 5 den Phrótacal.

Le hAirteagal 31, mír 2, ceanglaítear go ginearálta ar Pháirtithe a áirithiú maidir leis na daoine uile dá ndéantar difear le bearta a bhaineann le rianú sócmhainní, bearta sealadacha chun maoin a urghabháil nó a reo, bearta coigistíochta agus díolacháin réamhchoigistithe, gur féidir leo an ceart chun trialach córa agus chun leighis éifeachtaigh a éileamh mar a cheanglaítear freisin le dlí an Aontais. Ina theannta sin, ceanglaítear ar na Páirtithe na cearta cosanta a ráthú. Cuireann an fhoráil seo leis na hoibleagáidí a bhunaítear in Airteagal 8 den Choinbhinsiún a bhaineann le leigheasanna dlí, agus leathnaíonn sí na hoibleagáidí sin, do dhaoine dá ndéantar difear le bearta de bhun an Choinbhinsiúin agus an Phrótacail araon. Is é is aidhm d'fhoclaíocht níos mionsonraithe agus níos fairsinge Airteagal 31 den Phrótacal seo forbairt caighdeán Eorpach a léiriú maidir le cearta agus coimircí nós imeachta, lena n-áirítear d'fhonn an ceart chun leighis éifeachtaigh, i gcomhthéacs aisghabháil sócmhainní coiriúla ó glacadh an Coinbhinsiún, go háirithe an méadú atá ag teacht ar úsáid beart coigistíochta nach bhfuil bunaithe ar chiontú. Leathnaítear raon feidhme Airteagal 31 chuig daoine dá ndéantar difear le bearta de bhun an Choinbhinsiúin chun a áirithiú go mbeidh na cearta agus an leibhéal cosanta céanna ag daoine dá ndéantar difear leis na bearta sin agus atá ag daoine dá ndéantar difear le bearta faoin bPrótacal. Ina theannta sin, mar a mhínítear sa Tuarascáil Mhíniúcháin a ghabhann leis an bPrótacal, féadfar comhar a dhiúltú i gcomhréir le hAirteagal 28 den Choinbhinsiún i gcás nach gcomhlíonann iarraidh eachtrach na caighdeáin a leagtar síos le bunphrionsabail dhlí náisiúnta an Stáit iarrtha.

Áirithítear leis an bPrótacal go gcomhlíonfar caighdeáin an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta trí chur i bhfeidhm coimircí leordhóthanacha cosanta sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta a ráthú (Airteagail 9, 12 agus 17) chomh maith le foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha iomchuí chun sonraí den sórt sin a mhalartú le Páirtithe eile (Airteagal 29).

---

[16] Féach, go háirithe, míreanna 140 agus 141.

Ní mór a thabhairt faoi deara freisin, laistigh den (‘mháthair’)Choinbhinsiún, go leagtar síos an méid seo a leanas le hAirteagal 46(6): ‘Féadfaidh AFA diúltú faisnéis a nochtadh a bhféadfadh lagú ar imscrúdú coiriúil arna dhéanamh sa Pháirtí iarrtha a bheith mar thoradh air nó, in imthosca eisceachtúla, i gcás ina mbeadh nochtadh na faisnéise díréireach go soiléir le leasanna dlisteanacha duine nádúrtha nó dlítheanach nó an Pháirtí lena mbaineann nó nach mbeadh sé i gcomhréir le prionsabail bhunúsacha dhlí náisiúnta an Pháirtí iarrtha ar shlí eile. Déanfar aon diúltú den sórt sin a mhíniú go hiomchuí do AFA a iarrann an fhaisnéis.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é tuairim an Choimisiúin, ó thaobh an dlí de, i bprionsabal, nach gá go n-eascródh aon impleachtaí buiséadacha as síniú agus tabhairt i gcrích an Phrótacail seo.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil clásal sa Phrótacal seo ná ina Mháthairchoinbhinsiún (CETS 198) lena mbunaítear ceanglas ar an Aontas ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh lena gcistiú dá dtiocfadh sé chun bheith ina Pháirtí.

Mar sin féin, ghlac Coiste na nAirí Rún CM/Res(2022)6 maidir le socruithe airgeadais i ndáil le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh agus Stát nach Ballstáit iad i sásraí leantacha choinbhinsiúin Chomhairle na hEorpa, lena bhforáiltear, i gcás ina n-iarrtar ar an Aontas a bheith ina Pháirtí i gcoinbhinsiún de chuid Chomhairle na hEorpa nach bhfuil clásal ann maidir le rannpháirtíocht airgeadais ina shásra leantach tar éis dháta rogha an Rúin, nach mór dó rannchuidiú le maoiniú fheidhmiú an choinbhinsiúin sin i gcomhréir leis na módúlachtaí a leagtar síos sa rún. Cé go measann an Coimisiún nach féidir le Rún aontaobhach den sórt sin a bheith ina cheangal ar an Aontas, d’eascair plé as sin roimhe seo arb é an toradh a bhí air comhréiteach inar dhearbhaigh an tAontas go raibh sé ar intinn aige ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh dá dheoin féin. Ní léir fós an dtiocfar ar shocrú comhchosúil (nó an gá go dtiocfar) i gcás an Choinbhinsiúin agus an Phrótacail seo.

Más amhlaidh an cás, soláthrófar ráiteas airgeadais ina leagfar amach sonraí na n-impleachtaí buiséadacha in éineacht leis an togra le haghaidh cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin féin, a luaithe a bheidh na débhríochtaí dlíthiúla maidir le ranníocaíocht a d’fhéadfadh a bheith ann réitithe.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leagtar amach sa Phrótacal go mbeidh feidhm *mutatis mutandis* maidir leis an bPrótacal ag na forálacha lena rialaítear an faireachán ar chur chun feidhme Choinbhinsiún Várs á (Airteagal 48 den Choinbhinsiún). Comhlíonfaidh Comhdháil na bPáirtithe, arna bunú faoin gCoinbhinsiún, na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 48 den Choinbhinsiún chun críocha an Phrótacail seo, ag teacht le chéile di i gcomhdhéanamh atá teoranta do na Páirtithe sa Phrótacal seo, i gcás inarb iomchuí.

Leagtar amach i Riail 19 de Rialacha Nós Imeachta an Choinbhinsiúin na rialacha maidir le gníomhaíochtaí faireacháin a dhéanamh. Ag an 9ú Seisiún Iomlánach, áfach, chinn Comhdháil na bPáirtithe an nós imeachta faoi Riail 19 a chur ar fionraí agus cur chuige faireacháin théamaigh trasnaí a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Riail 19bis a glacadh le déanaí go ceann tréimhse tosaigh 2 bhliain le plé athbhreithnithe breise ar an ábhar ag an 11ú Seisiún Iomlánach dá chuid in 2019. Ag an 16ú seisiún iomlánach a bhí aige (2024), chinn Comhdháil na bPáirtithe fionraí Riail 19 a athnuachan go ceann 5 bliana eile (i.e. go dtí 2029) agus leanúint den fhaireachán téamach trasnaí faoi Riail 19bis le linn na tréimhse sin.

Leagtar amach i Riail 19bis rialacha maidir le faireachán cothrománach i ndáil le hairteagail roghnaithe den Choinbhinsiún. Beidh gach Stát is páirtí faoi réir faireachán i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 19bis.

Áiríodh clásal speisialta sna Rialacha Nós Imeachta maidir le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh san fhaireachán ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin. Foráiltear le Riail 19, mír 33, go leagfar amach rialacha nua maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin tar éis don Chomhphobal Eorpach an Coinbhinsiún a dhaingniú. Ní dhéantar foráil maidir le haon chlásal sonrach i Riail 19bis.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Mínítear in Airteagal 1 cuspóir an Phrótacail.

Áirítear in Airteagal 2 na sainmhínithe ar imscrúduithe airgeadais, sócmhainní fíorúla, soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla agus maoiniú na sceimhlitheoireachta.

Déantar foráil in Airteagal 3 maidir le coigistiú leathnaithe.

Déantar foráil in Airteagal 4 maidir le coigistiú nach bhfuil bunaithe ar chiontú.

Déantar foráil in Airteagal 5 maidir le coigistiú ó thríú páirtithe.

Déantar foráil in Airteagal 6 maidir le bearta sealadacha agus déantar tagairt ann d'Airteagal 4 den Mháthairchoinbhinsiún de réir mar is infheidhme maidir leis an bPrótacal.

Déantar foráil in Airteagal 7 maidir le cumhachtaí agus teicnící imscrúdaitheacha

Déantar foráil in Airteagal 8 maidir le himscrúduithe airgeadais.

Déantar foráil in Airteagal 9 maidir le sásra a bhunú chun sainaithint aon duine nádúrtha nó dlítheanach a shealbhaíonn cuntais bhainc, íocaíochta nó urrúis chomh maith le taisceadáin agus cuntais sócmhainní fíorúla a chumasú agus rialaítear leis rochtain ar an bhfaisnéis sin ag Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus ag oifigí um aisghabháil sócmhainní agus ag údaráis inniúla eile.

Déantar foráil in Airteagal 10 maidir le toiliú a chur ar fionraí nó a choinneáil siar i gcás idirbhearta, cuntais agus gaolmhaireachtaí gnó amhrasacha (nach cuid den togra seo iad)

Déantar foráil in Airteagal 11 maidir le hoifigí um aisghabháil sócmhainní agus a gcúraimí a bhunú chomh maith leis na cumhachtaí atá ag oifigí um aisghabháil sócmhainní bearta sealadacha práinneacha a dhéanamh.

Déantar foráil in Airteagal 12 maidir le rochtain a bheith ag oifigí um aisghabháil sócmhainní ar fhaisnéis.

Déantar foráil in Airteagal 13 maidir le prionsabail ghinearálta na bainistíochta sócmhainní, lena n-áirítear maidir le pleanáil bainistíochta sócmhainní agus bunú pointí teagmhála le haghaidh comhar idirnáisiúnta.

Déantar foráil in Airteagal 14 maidir le hoifigí bainistíochta sócmhainní a ainmniú, a bhfeidhmeanna agus bunú pointí teagmhála le haghaidh comhar idirnáisiúnta.

Déantar foráil in Airteagal 15 maidir le díolacháin réamhchoigistithe agus na hoibleagáidí luach thuilleamh na ndíolachán sin a urrú.

Déantar foráil in Airteagal 16 maidir le maoin reoite, urghafa agus choigistithe a úsáid.

Déantar foráil in Airteagal 17 maidir le huirlis a bhunú chun faisnéis a chur ar fáil maidir le sócmhainní reoite, urghafa agus coigistithe.

Leagtar amach in Airteagal 18 prionsabail agus bearta ginearálta chun comhar idirnáisiúnta éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú, lena n-áirítear maidir le himscrúduithe intíre a dhéanamh sula n-aithnítear orduithe eachtracha agus raon feidhme na n-údarás eisiúna inniúil.

Leagtar amach in Airteagal 19 rialacha agus coinníollacha maidir le sonraí pearsanta a aistriú idir Páirtithe.

Rialaítear le hAirteagal 20 iarrataí eachtracha ar fhaisnéis maidir le cuntais a shealbhaítear in institiúidí airgeadais nó i soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla.

Rialaítear le hAirteagal 21 iarrataí eachtracha ar fhaisnéis maidir le hidirbhearta arna ndéanamh ag institiúidí airgeadais nó ag soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla.

Rialaítear le hAirteagal 22 iarrataí eachtracha ar fhaireachán a dhéanamh ar idirbhearta arna ndéanamh ag institiúidí airgeadais agus ag soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla.

Déantar foráil in Airteagal 23 maidir leis an bhféidearthacht do dhá Pháirtí nó níos mó Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú a bhunú agus a oibriú chun maoin atá inchoigistithe a aisghabháil.

Déantar foráil in Airteagal 24 maidir le húsáid foirmeacha caighdeánacha chun reo nó urghabháil maoine atá inchoigistithe a iarraidh.

Déantar foráil in Airteagal 25 maidir le foirmeacha caighdeánacha a úsáid chun coigistiú maoine a iarraidh.

Rialaítear le hAirteagal 26 maoin a thabhairt ar ais don Pháirtí iarrthach chun a haiseag lena úinéirí dlisteanacha roimhe sin a éascú chomh maith le cúiteamh d’íospartaigh na coireachta.

Rialaítear le hAirteagal 27 comhroinnt maoine coigistithe idir na Páirtithe iarrthacha agus na Páirtithe iarrtha agus déantar foráil ann maidir leis an bhféidearthacht an mhaoin sin a chomhroinnt freisin le Páirtithe eile, i gcás inarb iomchuí. Rialaítear leis freisin leithdháileadh na gcostas a bhaineann le hiarrataí ar chomhar a fhorghníomhú faoin gCoinbhinsiún lenar éascaíodh coigistiú.

Déantar foráil in Airteagal 28 maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta i ndáil le toiliú a chur ar fionraí nó a choinneáil siar i gcás idirbhearta, cuntais agus gaolmhaireachtaí gnó amhrasacha (nach cuid den chinneadh seo é)

Déantar foráil in Airteagal 29 maidir le comhar idirnáisiúnta idir oifigí um aisghabháil sócmhainní lena n-áirítear bunú pointí teagmhála.

Déantar foráil in Airteagal 30 maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta i ndáil le maoin a bhainistiú.

Déantar foráil in Airteagal 31 maidir le coimircí agus leigheasanna i ndáil leis na bearta dá bhforáiltear sa Phrótacal.

Déantar foráil in Airteagal 32 maidir le fógra a thabhairt faoi chinntí maidir le bearta sealadacha agus coigistiú do dhaoine dá ndéantar difear.

Déantar foráil in Airteagal 33 maidir le bearta slána chun sonraí arna bpróiseáil ag an oifig um aisghabháil sócmhainní a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe.

Le hAirteagal 34, ceanglaítear ar Pháirtithe acmhainní leordhóthanacha a sholáthar d'oifigí um aisghabháil sócmhainní agus d'oifigí bainistíochta sócmhainní chomh maith le hoiliúint d'údaráis inniúla a bhfuil baint acu le haisghabháil sócmhainní agus le himscrúduithe gaolmhara.

Baineann Airteagal 35 leis an sásra faireacháin don Phrótacal agus leis an sásra chun díospóidí a réiteach.

Rialaítear le hAirteagal 36 an gaol idir an Prótacal agus an Máthairchoinbhinsiún.

Baineann Airteagal 37 leis an bpróiseas sínithe agus daingnithe.

Baineann Airteagal 38 le teacht i bhfeidhm an Phrótacail.

Baineann Airteagal 39 le haontachas leis an bPrótacal.

Leagtar amach in Airteagal 40 an cur i bhfeidhm críochach.

Rialaítear le hAirteagal 41 séanadh an Phrótacail.

Mínítear in Airteagal 42 an gaol idir an Prótacal agus coinbhinsiúin agus comhaontuithe eile.

Rialaítear le hAirteagal 43 déanamh agus tarraingt siar dearbhuithe agus forchoimeádas.

Rialaítear le hAirteagal 44 fógraí atá le tabhairt ag Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa do Bhallstáit Chomhairle na hEorpa agus do Stáit eile lena mbaineann maidir leis an bPrótacal.

Déantar foráil san Fhoscríbhinn maidir le cibearchoireacht a chur le foscríbhinn an Choinbhinsiúin.

- **Síniú agus téacs an Chomhaontaithe**

Cuirtear téacs an Chomhaontaithe faoi bhráid na Comhairle in éineacht leis an togra seo.

I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún é síniú an Chomhaontaithe a áirithiú, faoi réir a chur i gcrích ar dháta is déanaí.

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Bhreise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, i gcomhar le hAirteagal 218(5), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gCinneadh (AE) 2024/1764[17], d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht maidir le Prótacal Breise ('an Prótacal') a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta (CETS Uimh. 198) ('an Coinbhinsiún') laistigh de Chomhairle na hEorpa.

(2) Ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an Prótacal an 15 Bealtaine 2026 agus tá sé beartaithe é a oscailt lena shíniú an 14 Deireadh Fómhair 2026.

(3) Tá an Prótacal i gcomhréir le cuspóir an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 26(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú trí bhearta a ghlacadh.

(4) Áirítear sa Phrótacal, *inter alia*, forálacha maidir lena chuspóir agus a raon feidhme, maidir le sainmhínithe ar shócmhainní fíorúla agus ar sholáthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla, maidir le cumhachtaí fionraíochta na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais, maidir leis an gcomhar idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais, agus maidir le sásra lárnach uathoibrithe (nó sásra comhchosúil) a bhunú ar an leibhéal náisiúnta, ina mbeidh faisnéis faoi chuntais bhainc, cuntais íocaíochta, cuntais urrús, taisceadáin agus cuntais sócmhainní fíorúla.

(5) Tá acmhainneacht sa Phrótacal chun creataí chun an sciúradh airgid a chomhrac agus comhar gaolmhar i measc Bhallstáit Chomhairle na hEorpa agus príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta eile a d'fhéadfadh a bheith ina bPáirtithe ann a neartú go suntasach.

[17] Cinneadh (AE) 2024/1764 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena n-údaraítear an Coimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht maidir le Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta, IO L, 2024/1764, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1764/oj).

(6) Forluíonn na rialacha a leagtar síos sa Phrótacal, den chuid is mó, agus is cinnte go raibh siad faoi anáil rialacha comhchoiteanna a bunaíodh ar leibhéal an Aontais. Áirítear ar na rialacha comhchoiteanna sin go háirithe Treoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Thairis sin, Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Cinneadh Réime 2005/212/CGB ón gComhairle chomh maith le Cinntí Réime 2003/577/CGB agus 2006/783/CGB ón gComhairle, nach bhfuil infheidhme fós, áfach, ach amháin sa chaidreamh leis an Danmhairg agus le hÉirinn agus eatarthu. Tá inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas maidir leis na codanna sin den chomhaontú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais nó a raon feidhme a athrú. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas an Prótacal a shíniú in éineacht leis na Ballstáit.

(7) Ghlac an Coimisiún páirt sa chaibidlíocht thar ceann an Aontais agus d'áirithigh sé lena rannpháirtíocht go bhfuil an Prótacal comhoiriúnach le dlí ábhartha an Aontais.

(8) De bhun Airteagal 37 den Phrótacal, tá sé ar oscailt lena shíniú ag an Aontas. Ba cheart don Aontas teacht chun bheith ina Pháirtí sa Phrótacal in éineacht lena Bhallstáit, ós rud é go gcomhroinneann sé inniúlacht sheachtrach leis na Ballstáit maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an bPrótacal. Tagann ábhair a chumhdaítear leis an bPrótacal a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó a raon feidhme a athrú faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais. Meabhraítear go bhféadfadh gealltanais idirnáisiúnta difear a dhéanamh do raon feidhme rialacha comhchoiteanna an Aontais nó é a athrú freisin i gcás ina dtagann na gealltanais sin faoi réimse a chumhdaítear den chuid is mó leis na rialacha sin cheana féin, a mhéid a d'fhéadfadh na gealltanais sin an bonn a bhaint de chur i bhfeidhm aonfhoirmeach comhsheasmhach rialacha an Aontais agus d'fheidhmiú cuí an chórais a bhunaítear leo. Tá an Cinneadh seo gan dochar do shíniú an Phrótacail ag na Ballstáit, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18] agus thug sé tuairim an XX XXXXX 2026.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear síniú an Phrótacail Bhreise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail sin.

---

[18] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*